

❖ An Lúibín ❖

31 Bealtaine 2004

Nuachtlitir Choicísiúil



Teanga oibre

European elections are coming, and the campaign to have Irish as an official working language of the Union is still afoot.

Leanann an scéal i dtaobh stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach, agus eagraíocht dar teideal ‘Stádas’ ann anois chun dlús a chur leis an ngnó. Ní mó ná sásta a bhí siad nuair a fuair siad amach gur iarr rialtas nua na Spáinne stádas breise don Chatalóinís, don Ghalaisis agus don Bhascais agus go ndearnadh moladh i ngeall orthu laistigh de sheachtain. Ag Éirinn atá Uachtaránacht an Aontais faoi láthair.

‘Seacht lá a bhí ar an Spáinn fanacht – ach táimid fós ag feitheamh seacht mí ón am ar tugadh geallúint go ndéanfaí beart ar an gceist seo,’ arsa Pádraig Ó Laighin, urlabhraí Stádas, le *Lá* (www.nuacht.com).

Stádas conartha atá ag an nGaeilge san Aontas Eorpach. Déantar cóipeanna de na conarthaí a aistriú go Gaeilge, agus má chuirtear litir i nGaeilge chun an Aontais faightear freagra ar ais sa teanga chéanna. Seo é an stádas a bheidh ag teangacha na Spáinne, ach feidhm oifigiúil oibre atá á lorg don Ghaeilge. Is gearr go mbeidh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha ann, agus tá Stádas ag iarraidh brú a chur ar an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail is Gaeltachta dá bharr.

Ag an bhFrainc amháin a bheadh amhras ar na mionteangacha seo, agus a chúis sin aici; ní mian léi misneach a thabhairt do lucht labhartha Briotáinise, gan trácht ar theangacha réigiúnacha eile. Aon tír, aon teanga – toradh claonta an tsean-náisiúnachais.

Tá suim ag Sinn Féin sa scéal, agus a gcuid iarrthóirí á phlé roimh na toghcháin. Deir Aenghus Ó Snodaigh TD (duine den bheagán a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu) go gcuideoidh an t-aitheantas le fás agus forbairt na teanga ina hiomláine.

An tOireachtas ar an scáileán

The foremost festival of the Cause is to be seen for the first time on TV.

Tá sé de cháil ar an Oireachtas, príomhócáid bhliantúil na Gaeilge, gur ar éigean a bheadh a fhios ag an gcoitiantacht go mbíonn sé ar siúl. Ní fios an dtiocfaidh áthrú ar an scéal sin nuair a chraolfar cuid de ar an teilifís i mbliana den chéad uair riamh. Beidh dhá uair a chloig go leith d’Fhéile na Samhna le feiceáil ar TG4 Dé Sathairn 30 Deireadh Fómhair. Damhsa ar an Sean-Nós is mó a bheidh ann, comórtas atá ag tarraingt na sluaite anois – rud a thabharfadh faoiseamh do dhaoine atá bréan de na leaganacha stáitse den rince Gaelach. Beidh Raidió na Gaeltachta ag déanamh na gnáth-thuairiscíochta ar an Oireachtas do dhaoine a bhfuil a gcairde gaoil páirteach ann, agus do bheagán eile. Ach sa teilifís atá an mealladh, agus tá cuid súl i gcroitheadh na gcos, gan trácht ar an ngá atá ag TG4 le breis ábhair.



An Ghaeilge agus an cló (2)

The 17th century was a great age of Irish-language printing, the bulk of it done at Louvain in what is now Belgium. These books were printed to advance the Faith, but cultural considerations were never far away.

Sa bhliain 1611 foilsíodh *An Teagasc Críosaíde* le Giolla Bríde Ó hEodhasa in Antuairp, an chéad leabhar Caitliceach a cuireadh riamh i gcló i nGaeilge. I Lováin a tháinig an dara heagrán amach, agus cuireadh an tríú heagrán amach sa Róimh. cuireadh é i gcló le litreacha Gaelacha a bhí bunaithe ar aibítir na

lámhscríbhinní, agus ba dhóigh leat ar éagthroime an tseanchló gur de lámh a scríobhadh iad. Is léir go raibh éileamh ar an saothar seo; thug saighdiúirí Éireannacha leo é agus iad ag troid in Arm na Spáinne san Ísiltír.

Ba í an Ollscoil Chaitliceach i Lováin, áfach, ba mhó a chuir leabhair den saghas seo ar fáil. Bunaíodh í sa bhliain 1606 le cúnamh Rí na Spáinne chun ábhar sagart ó Éirinn a oiliúint ar an Mór-roinn. Cuireadh fáisceáin chló ag obair ann, agus uathu sin a tháinig *Desiderius nó Scáthán an Chrábhaidh* sa bhliain 1616, leagan Gaeilge den leabhar Spáinnise *El Desseoso*; an tAthair Flaithrí Ó Maolchonaire a rinne é. Scoláire cáiliúil é a chaith tréimhse fhada sa Spáinn, agus eisean a thug ar an Rí an Ollscoil a bhunú agus a mhaoiniú.

Tús rabharta ba ea *Desiderius*. Ar na leabhair eile a chuir Lováin amach bhí *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*, leabhar le Aodh Mac Aingil a tháinig amach sa bhliain 1618. Scoláire agus file ba ea Mac Aingil a thug oideachas do chlann Aodha Rua Uí Néill in Éirinn agus a ghnóthaigh clú dó féin ar fud na hEorpa ina dhiaidh sin le roinnt mhaith saothar Laidine. Is beag duine a chuimhneodh ar a chuid Laidine anois, áfach, dá fheabhas í, ós ar a shaothar Gaeilge a sheasann a chlú.

Cé gur le teagasc chríostaí amháin a shamhlaítear Lováin anois, ba bheag nár cuireadh ceann de saothair mhóra thuata na hÉireann i gcló ann: *Annála Ríochta Éireann*. An Bráthair Mícheál Ó Cléirigh a scríobh é, le cúnamh triúir eile; bhí orthu Éire a shiúl ag bailiú eolais ó na lámhscríbhinní, rud nárbh fhurasta agus an saol chomh corrach sin. Fuair an saothar ardmholadh ó scoláirí áirithe, ach bhí an bua ag na daoine a lochtaigh é. Ní dhearnadh é a chlóbhualadh, cé gur mhair sé sna lámhscríbhinní trí dhaoine a bheith á chóipeáil.

Bhí a fhios ag na daoine a chuir na leabhair úd amach nach é an creideamh amháin a bhí i mbaol in Éirinn ach an teanga freisin – an teanga agus an dúchas a bhain léi. Díol spéise é, óna thaobh sin de, *Catholicism sen Adhon, an Teagasc Críostúí iar na fhoillsiú a Laidin & a Ngaoilais* leis an Athair Thomas Stapleton (Teabóid Galldubh), a cuireadh i gcló sa Bhruiséal sa bhliain 1639. Rinne sé tagairt do ‘ní choh neamhghnathach sion & á ta an aghaigh an uile resúin .i. gan cion do bheith ag gach neach ar á Theangain nduchais nadurtha fein [*ní chomh neamhghnách sin is atá in aghaidh an uile réasúin i.e gan chion a bheith ag gach neach ar a theanga dhúchais nádúrtha féin*],’ agus lean ar an téad sin sa sliocht seo thíos:

Ar an adhbhar sin, as cóir & as immochuidhe dhuinne na Herenuig bheith ceanamhail, gradhach, onorach, air ar tteangain nduchais nadurtha féin, an ghaoliag, noch ata chomh fueletheach, chomh muchta sion, nach mór nach ndeacha si as coimhne na nduinne, amhileán so as féidir a chur ar an Aois Ealghain noch as udair dhon Teangain do chuir i fá fórdhorcatheacht & cruas focal, dha scribha a nodaibh & focalaibh deamhaire, doracha, do thuisceanta & ní fhoilid saor moran dar duinibh uaisle do bheir a tteanga dhuchais nadurtha (noch ata fortill, fuirithe, onorach, fólamtha, gearchuisseach inti féin) a ttarcaisne, & neamhchionn, & chaitheas an aimsir a saorthudh, & a foghlaim teangtha coimhteach ele.

[Ar an ábhar sin, is cóir agus is iomchuí dúinne na hÉireannaigh a bheith ceanúil, grách, onórach, ar ár dteanga dhúchais nádúrtha féin, an Ghaeilge, atá chomh folaitheach, chomh múchta sin, nach mór nach ndeachaigh sí as cuimhne na ndaoine: a mhilleán seo is féidir a chur ar an Aois Ealaíon is údair don Teanga, a chuir í faoi fhordhoracht agus chruas focal, á scríobh i noda agus focail dhiamhaire dhorcha dhothuisceanta, agus níl saor [*ó mhilleán*] mórán dár ndaoine uaisle a thugas a dteanga dhúchais nádúrtha (atá foirtil, foirfe, onórach, foghlamtha, géarchuisseach inti féin) i dtarcaisne agus neamhchion, agus a chaitheas an aimsir i saothrú agus i bhfoghlaim teangacha coimhthíocha eile.]

Sa leabhar seo baineadh feidhm as an gcló Rómhánach, rud annamh ag an am i saothair Ghaeilge.

Leabhar a bhí saor ar fad ón ‘gcruas focal’ úd ba ea *Parrthas an Anama* leis an Athair Antaine Gearmon (1645), saothar a raibh Gaeilge an-simplí ann. Ag Lováin a cuireadh i gcló é, agus ba bheag an t-ionadh go raibh an-dúil ag an bpobal ann; ba ghearr go raibh cóipeanna pinn de á ndéanamh go tiubh, rud a thugann léargas ar staid na teanga ag an am, mar a chonaiceamar thuas. Is beag tír eile a raibh ráchairt ar leabhair gan sásamh ar an dóigh sin agus daoine ag brath ar lámhscríbhinní dá bharr.

Is léir nach raibh an ceart ag Stapleton agus é á rá go raibh an teanga ag dul as cuimhne na ndaoine. Dá mbeadh, níorbh fhiú leabhar a fhoilsiú inti. Is cosúil gurb é an bhrí ba cheart a bhaint as a ndeir sé ná nach raibh saothrú na teanga á chothú de réir mar a d'oir don saol a bhí ann, agus gur theip ar lucht ceannais na nGael treoir a thabhairt. Ba léir freisin go raibh tábhacht nua leis an mBéarla in Éirinn, agus teann Shasana ar a chúl aige, rud nach rachadh chun sochair don Ghaeilge.

Tháinig scaipeadh an diabhair ar na hÉireannaigh sa 17ú haois, rud a ndearna an tAthair Seán Ó Dubhlaoich (nó Ó Dúlaidh) tagairt dó sa teagasc críostaí leis a tháinig amach i Lováin sa bhliain 1663, *Suim bhunudhasach an Teaguisg Chríostaidhe*. Deirtear sa réamhrá gur scríobhadh é ní hamháin do na Gaeil in Éirinn agus in Albain ach do na hÉireannaigh go léir ar na hoileáin 'ar chosdadaibh na hAmérioca' chomh maith. Ní gá a rá gurbh iad na hIndiacha Thoir a bhí i gceist aige, áit ar cuireadh an oiread sin cainteoirí Gaeilge ina sclábhaithe le linn Chromail agus ar mhair an teanga ann chomh déanach leis an gcéad chuid den 19ú haois, más fíor.

Ré mhór chlódoireachta i stair na Gaeilge ba ea í an 17ú haois, cé gur beag aird a tugadh ar ábhar tuata. Scéal eile a bheadh ann san aois a bhí le teacht.

Leanfaidh an scéal ar an gcéad eagrán eile.



Seanfhocail an phósta

Níl aon seanstoca nach bhfaigheann seanbhróg.

Phós liobar leadhb.

Ní haithne go haontíos.

Ní pósadh go súsa.

B'fhearr liom bean na bhfiche seift ná bean na bhfiche punt.

Fear agus bean a cheangal le córda,
Iad a chaitheamh síos ar thóin seanchófra,
Agus sailm na mallacht a chaitheamh go deo leo.
(*Míniú searbh ar phósadh is ea é seo.*)

Féach (i measc leabhar eile) *Seanfhocail na Mumhan*. An Seabhac (Pádraigh Ó Siochfhradha) a bhreac síos agus an Gúm a d'foilsigh.



Colin Ryan
colger@melbpc.org.au